Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2026/729

26.3.2026

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/729 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 19 Márta 2026**

**lena bhformheastar leasú Aontais ar shonraíocht táirge an táisc gheografaigh 'Marc de Champagne / Eau-de-vie de marc de Champagne' de bhun Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ([1]), agus go háirithe Airteagal 21(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagail 24 agus 31 de Rialachán (AE) 2019/787 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), rinneadh iarratas na Fraince ar fhormheas ar leasú an Aontais ar shonraíocht táirge an táisc gheografaigh 'Marc de Champagne / Eau-de-vie de marc de Champagne', arb iarratas é a fuair an Coimisiún roimh dháta theacht i bhfeidhm Rialachán (AE) 2024/1143, a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([3]).

(2) Áirítear sa leasú athrú ar ainm an táisc gheografaigh 'Marc de Champagne/Eau-de-vie de marc de Champagne' ar 'Marc champenois/Eau-de-vie de marc champenois' anois é.

(3) Ní bhfuair an Coimisiún aon ráiteas freasúra faoi Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143, atá infheidhme maidir leis an iarratas ar fhormheas ar leasú Aontais i gcomhréir le hAirteagal 90(2) den Rialachán sin.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, an t-iarratas ar fhormheas ar leasú Aontais a fhormheas,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An leasú Aontais ar an tsonraíocht táirge a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* maidir leis an tásc geografach faoi chosaint 'Marc de Champagne / Eau-de-vie de marc de Champagne', formheastar leis seo é.

([1]) IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj.

([2]) Rialachán (AE) 2019/787 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair agus lipéadú deochanna biotáilleacha, úsáid ainmneacha deochanna biotáilleacha i gcur i láthair agus lipéadú earraí bia eile, agus cosaint tásc geografach le haghaidh deochanna biotáilleacha, úsáid alcól eitile agus driogáití de thionscnamh talmhaíochta i ndeochanna alcólacha, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 (IO L 130, 17.5.2019, lch. 1 ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/787/oj).

([3]) OJ C, C/2025/6666, 11.12.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/6666/oj.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Márta 2026.

*Thar ceann an Choimisiúin,*
*Thar ceann an Uachtaráin,*
Christophe HANSEN
*Comhalta den Choimisiún*